# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020

### *Cúlra*

Déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 chun fostaithe a chosaint in aghaidh dífhostú nó dochar eile a tharlóidh de bharr gur tharraing siad ábhar b'údar imní dóibh anuas le hintinn mhaith maidir le héagóir fhéideartha a thug siad faoi deara san áit oibre. Leagtar síos san Acht roinnt bealaí ar féidir nochtuithe a dhéanamh – mar shampla, le fostóir an duine agus, i gcásanna áirithe, le duine 'forordaithe' seachtrach.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na reachtaíochta a bhaineann le nochtadh cosanta (Ionstraim Reachtúil 339 de 2014). Fágann sé sin go bhféadfar nochtuithe a dhéanamh leis an Oifig faoi aon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó le luach ar airgead i leith eintiteas atá laistigh de théarmaí tagartha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ainmnithe san Acht (Alt 17) freisin mar an duine seachtrach ar cóir nochtuithe cosanta ina bhfuil faisnéis faoi cháiníocóirí a dhéanamh leis.

Féadfar aon nochtadh a dhéantar leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, más gá, a imscrúdú agus a thuairisciú ar bhealach atá comhsheasmhach le ról agus cearta reachtúla na hOifige agus is iomchuí do ról, cearta agus dualgais reachtúla na hOifige i.e. mar chuid d'iniúchadh reachtúil, nó trí chigireacht a rinneadh faoi fhorálacha alt 8 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, nó trí scrúdú a rinneadh faoi alt 9 den Acht 1993. Níl aon chumhacht ghinearálta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste imscrúdú a dhéanamh agus/nó tuairisciú ar leithligh ó na feidhmeanna sin.

Tá tuilleadh faisnéise, ar fáil anseo, faoi na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena gceadaítear nochtadh a dhéanamh chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus faoin gcaoi a láimhseáiltear nochtadh den sórt sin

### *Tuarascálacha maidir le nochtadh cosanta in 2020*

Éilítear ar gach uile chomhlacht poiblí (le hAlt 22 den Acht) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an beart a rinneadh ina leith (más ann). Caithfidh sé nach bhféadfar na daoine a rinne nochtuithe a aithint mar thoradh ar an tuarascáil sin.

Baineann an tuarascáil seo de bhun Alt 22 den Acht leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020.

In 2020 fuair an Oifig 11 tuairisc ar chásanna líomhnaithe éagóra a luadh a bhfuair na tuairisceoirí amach fúthu i gcúrsa a bhfostaíochta, agus a bhain le comhlachtaí atá laistigh de théarmaí tagartha Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2019: 21 chás). Tugadh 5 cinn de na tuairiscí sin gan ainm a lua. I ngach cás, cuireadh na cásanna arna dtuairisciú ar aghaidh chuig an bhfoireann iniúchta chuí ionas go bhféadfaidís iad a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, agus obair iniúchta á pleanáil amach anseo.

**An 15 Márta 2021**